Sealbhóidh na Stiúrthóirí a bpost ar feadh tréimhse cúig bliana go dtí 2016. Beidh siad incháilithe le hathcheapadh ar an téarma cúig bliana sin do dhul in éag.

5. Acht Um Shábhálteacht, Sláinte Agus Leas Ag An Obair, 2005

Is é beartas na cuideachta sláinte agus leas na bhfostaithe a chinntiú trí chóras oibre agus áit oibre shábháilte a chothabháil. Tá an beartas sin bunaithe ar riachtanais reachtaíochta hostaíochta lena n-áirítear an tAcht um Shábhálteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

6. Iniúchóiri

Leanfaidh na hIniúchóirí, Hayden Brown, Cuntasóirí Caire, in oifig de réir Alt 160{2} d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

7. Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaonn dlí na gcuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús agus ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, caithfidh na stiúrthóirí:

- Beartaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhleanúnach.
- Breithíúnais agus meastachán a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús gnóthais reatha murar míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chomhlíon siad na ceanglaíthus agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrách as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a nochtaíonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntí go gcomhlíontar na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2013. Tá siad freagrách freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlaicadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

8. Leabhair Chuntais

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglaí Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, maidir le leabhair chuntais chuí a choimeád ná feidhmiú na mbeartas agus nósanna imeachta is gá chun idirbheartaíochtaí a thaifeadadh, pearsanta cuntasáíochta inniuíl leis an saineolas cuí a fhostú agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag an gCeoláras Náisiúnta, Ardán Phort an larla, Baile Átha Cliath 2.

Arna shíniú thar ceann an bhoird.

Gerry Kearney
Stiúrthoir

Ray Bates
Stiúrthoir

Dáta: 26ú Márta 2015

Réamhrá

An Chathaoirligh



Is é misean an Cheolárais Náisiúnta siamsaíocht a chur ar fáil don phobal, oiliúint a chur air agus caidreamh a dhéanamh leis trí léirithe ceoil den scoth; clár imeachtaí aislingeach, a bhfuil teacht ag gach aon duine air, a sholáthar agus forbairt agus cur chun cinn an cheoil in Éirinn a chothú.

Sa bhliain 2014, taobh istigh de chreat an mhisin sin, rinne an CN óstáil ar gar do 900 imeacht. Bhí beagnach 330,000 duine i láthair, an lín ba mhó le blianta beaga anuas agus an tríú lion is airde riamh. Bhí láimhdeachas de thuairim is €6.8m ann agus is beag nár baineadh amach cóimheá airgid, le deontas ón Stát de níos lú ná aon tríú den ioncam agus an t-iarmhéid faigthe ón trádáil.

Is léiriú iad na torthaí sin ar dhua, ar thiomantas agus ar thallanna fhoireann an Cheolárais ag gach leibhéal ar feadh na bliana. Is eiseamláir iad baill foirne an CN de scoth na seirbhísé poiblí - tugann siad onóir do shaoránaigh an Stát trína gcroí agus a n-anam a chur i soláthar seirbhísí den scoth. Baineann an pobal taitneamh dá réir as taibhithe ceoil iontacha. Thar ceann mo chomhghleacaithe boird, ba mhaith liom buiochas a ghlacadh le foireann den scoth, atá faoi stiúir chumasach an Phríomhfeidhmeannaigh Simon Taylor.

Agus sinn ag féachaint chun cinn, tá an Rialtas tar éis dhá thionscnamh a fhógairt a bhfuil suntas ag baint leo maidir leis an CN - bunú an CN ar bhonn reachtúil agus infheistíocht de €6m chun achair thábhachtacha stairiúla in Ardán Phort an Iarla a athchóiriú mar chuid de thionscadal comórtha 2016.

Tá deis ann ón reacataíocht atá beartaithe an CN a bhunú ar bhonn a bheidh cothrom le forais chultúrtha reachtúla náisiúnta eile agus a shuíomh a dheimhniú mar acmhainn chultúrtha le stádas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is infheistíocht shuntasach atá sa €6m, ní hamháin i gcomhthéacs chomórthaí 2016, agus i leathnú na n-achar a bheidh ar fáil i gcomhair léirithe agus imeachtaí, ach i gcruthú ré nua chun infheistíocht agus forbairt a spreagadh.

Is tuar maith don todhchaí atá i bhfeidhmíocht láidir an CN le linn 2014 i dteannta na bhforbairtí sin.

Ar deireadh, thar ceann an bhoird ba mhaith liom an tacaíocht láidir a fhaigheann an CN ó Oifig na nOibreacha Poiblí, ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ónár n-Aire Heather Humphreys a admháil.

Gerry Kearney

Cathaoirleach

Dáta: 26 Márta 2015



Lang Lang



Bournemouth Symphony Orchestra



Juan Diego Flórez

Réamhrá agus Léirmheas An Phríomhfheidhmeannaigh



Tá an-áthas orm a thuairisciú go raibh bliain an-ghnóthach agus rathúil sa Cheoláras Náisiúnta, inar chuireamar clár leathan agus éagsúil ar ardchaighdeán ar siúl agus ar chuireamar le lion an lucht freastail agus ar bhaineamar amach buiséad comhardaithe.

Tá sé mar thosaíocht le blianta beaga anuas raon ár gcláir a leathnú a fhad is atá ár stádas stairiúil agus ár gcáil idirnáisiúnta mar ionad ceoil chlasaicigh agus cheolchoirne in Éirinn á gcothabháil agus á bhforbairt. Ag an am céanna tá sé riachtanach go leanfaimis lenár sainchúram ealaíne agus poiblí a chothromú le breithiúnas iontaofa tráchtála agus gnó. I measc na bpriomhfhorbairtí anuraidh bhí méadú ar ár Sraith Ceolchoirmeacha Idirnáisiúnta shuaitheanta le sraitheanna nua agus mionfhéilte agus tionscnaimh nua shuntasacha i réimse an cheoil aireagail, na gclár teaghlaigh agus i séasúr an tsamhraidh. Leanfaimid orainn ag obair lenár gcomhpháirtithe, ár n-ensembles cónaitheacha, ár n-ealaíontóiri agus ár dtionscnóiri agus clár bríomhar, éagsúil agus tarraigteach ceoil trasna gach seána á chur i láthair, rud a chinnteoidh go mbeidh ardmheas ar an gCeoláras Náisiúnta agus gur mór ag lucht éisteachta leathan é.

Sa chomhthéacs sin tá sé ríthábhachtach, freisin, an lucht éisteachta agus ceoltóiri na todhchaí a chothú agus caidreamh a bhunú idir dhaoine agus ceol ar bhealaí éagsúla, direacha agus pearsanta. Tá ríméad orm gur éirigh linn (den chéad uair ag an leibhéal bainistíochta sinsir) Ceannasaí Oideachais, Pobail agus For-Rochtana a earcú i rith na bliana. I dteannta infheistíochta méadaithe, tá clár fairsingithe, athbhaoite agus níos fiúnta ann mar thoradh air sin cheana féin.

Bhí tábhacht suntasach straitéiseach le ceapadh, den chéad uair, Ceannasaí Forbartha thiomnaithe. Is cuid ríthábhachtach dá shamhail airgeadais ioncam tabhartais an Cheolárais agus tá sé thar a bheith tábhachtach dár dtodhchaí agus dár bpleannanna athfhobartha uaillmhanacha go leanfaí le tacáiocht aonair, dhaonchairdiúil agus chorparáideach a fhorbairt. Agus tá na pleannanna sin á bhfiorúanois: sa bhliain 2014 chonacthas réiteach ar easpa fadtéarmach infreastruchtúir nuair a cuireadh leithris bhreise na mban le hais an phríomh-fhoralla, agus, mar atá luaite ag an gCathaoirleach cheana, leithdháileadh mór caipil de €6 milliún le haghaidh athchóiriú ar Sheomra Chaoimhín de Barra mar thionscadal de chuid chomórthaí 2016, agus le haghaidh feabhsúchán infreastruchtúir eile i 2017.

Ba théama buan i rith na bliana a bhí inár seirbhís don phobal a fheabhsú, agus rinneadh infheistíochta shuntasach inár suíomh gréasáin agus inár gcóras ticéadaithe. Tá an claoadh chun tuilleadh caidrimh agus áirithintí ar líne ag leanúint ar aghaidh, agus tá tú áite á thabhairt do choimeád chun dáta leis an teicneolaíocht nua agus do roghanna ár lucht éisteachta.

Ba mhaith liom buíochas a ghlaicadh le m'Fhoireann Bainistíochta Shinsir agus lena bhfoireann rannóige as a ndua agus a dtiomantas: ón bhfoireann fálteachais go dtí an fhoireann ar chúl stáitse agus gach duine eatarthu, tá a fhios agam gur ceann dár n-acmhainní is luachmaire atá inár bhfoireann - agus deir ár gcuistaiméirí an rud céanna liom chomh maith! Ba mhaith liom, freisin, buíochas a ghlaicadh leis an Roinn Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hOifig na nOibreacá Poiblí as a dtacáiocht le linn na bliana agus ar deireadh leis an gCathaoirleach Gerry Kearney agus lena chomhghleacaithe Boird as a dtiomantas agus as a gcuid ama a chaitheamh go gnaíúil leis an institiúid breá ceoil seo.

Simon Taylor

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Athbhreithniú ar fheidhmeanna an CN 2014

1. Clár
2. Oideachas, Pobal agus For-Rochtain
3. Margaocht, Diolacháin agus Cumarsáid
4. Forbairt
5. Airgeadas, Cuntas agus TF
6. Pearsanta agus Oibríochtaí

1. Clár

Tairgeann clár féinfhógartha an Cheolárais ceolchoirmearcha ealaíne ardchaighdeán agus éagsúla, rud a chuireann go suntasach le héiceolaiocht chultúrtha na hÉireann. Chuir an t-ionad 72 imeacht féinfhógartha ar siúl sa Phriomh-Halla Éisteacha le linn na bliana chomh maith le himeachtaí níos lú i Seomra John Field, Seomra Chaoimhín de Barra agus sa Leabharlann Innealtóireachta.

Thug an **Séasúr Ceolchoirmearcha Idirnáisiúnta (SCI)** ealaíontóirí mór le rá os comhair lucht éisteachta na hÉireann, agus ina measc bhí *Lang Lang, Sir Simon Rattle & Orchestra of the Age of Enlightenment, Joshua Bell, Chanticleer, Bournemouth Symphony Orchestra, Royal Liverpool Philharmonic Orchestra, Juan Diego Florez, Australian Chamber Orchestra, Thomas Hampson, Tallis Scholars, Emerson String Quartet* agus go leor eile nach iad.

Cuireadh leis an SCI i 2014 trí shnáithe nua clár, **Perspectives**, a thabhairt isteach, a dearadh chun scoth na n-ealaíontóirí comhaimseartha a chur i láthair faoi sheárraí éagsúla neamhchlasaiceacha, agus ina measc bhí ealaíontóirí amhail *The Gloaming, Brad Mehldau & Chris Thile* agus *Wayne Shorter*.

Tugadh le chéile den chéad uair promóisin mhionscála an Cheolárais i **Séasúr Ceoil Aireagail** iomlán agus chuireamar chun cinn sraith fómhair eile de cheolchoirmearcha **Nóinláiriú Domhnaigh**, an baratón cáiliúil *Sir Thomas Allen* agus *Barry Douglas* le *Camerata Ireland* ina measc.

D'fhás an **Clár Teaghlaigh** go mór, agus tharraing *The Snowman, The Gruffalo* agus *Frozen* 16,667 cuairteoir chug 17 gceolchoirm, agus chuir **Summer@NCH** agus **ESB Live** ainmneacha mór le rá sa cheol pobail, traidisiúnta agus domhanda (*Bryan Ferry, Pink Martini, Rodrigo y Gabriela, Sinead O'Connor, Orchestra Buena Vista Social Club*) os comhair lucht éisteachta agus an halla gar do bheith lán go doras.

Tá snáithe fíelte á fhorbairt ag an gCeoláras chomh maith. Chomh maith le **Féile Naomh Pádraig** fadbhunaithe, ina raibh *Céili House* (arna chur i láthair ag RTÉ Raidió 1), *Donal Lunny agus a Chairde* (arna chur i láthair ag an gCeoláras) agus *The Music of Shaun Davey* (arna chur i láthair ag Ceolchoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ), reáchtáladh an dara féile bhliantúil **New Music Dublin** i mí an Mhárta (arna chur i láthair i gcomhar leis an gComhairle

Ealaón, RTÉ agus an tlonad Ceoil Chomhaimseartha) agus cuireadh féile nua ar siúl i mí Eanáir dar teideal *Tradition Now*, i gcomhar leis an gComhairle Ealaón arís.

I measc na n-imeachtaí speisialta aonuaire bhí *Howard Shore in Dublin*, ceolchoirm a rinne ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar *John Riddock*, nach maireann, agus Gradam Saoil de chuid an Cheolárais don bhliain 2014 á bhronnadh ar *Veronica Dunne*.

Tugadh an chéad chomhchoimisiún idirnáisiúnta de chuid an Cheolárais don phianódóir *Brad Mehldau* i gcomhar le *Carnegie Hall, Wigmore Hall* agus an *Toronto Conservatory of Music*.

Lean ár gCeolchoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ chónaithé ag soláthar cláir éagsúil den scoth dár lucht éisteachta - ceolchoirm shíntíús oíche Aoine, ceolchoirmearcha am lóin an tsamhraidh, an tsraith ceoil chomhaimseartha '*Horizons*' agus imeachtaí eile aonuaire agus séasúracha.

Chuir an CSN 53 ceolchoirm i láthair sa Cheoláras i 2014. I measc buaicphointí an tseasúir bhí an veidhreadóir/stiúrthóir *Julian Rachlin*, na pianódóirí *Joanna MacGregor, Nikolai Demidenko, Gabriela Montero* agus *Enrico Pace*, an dordveidhreadóir *Daniel Müller-Schott* agus na *virtuosi* ionráiteacha gaothuirlise agus prásuirilise, leithéidi an tseinníteora óbó *Alexei Ogrintchouk*, an trumpadóra *Hakan Hardenberger*, an tseinníteora coirn *David Pyatt* agus an tseinníteora trombóin *Christian Lindberg*. I measc na mbuaicphointí eile bhí Oratóir na Cásca ar Aoine an Chéasta agus dhá cheolchoirm mhóra de chuid *Celine Byrne* faoi Nollaig.

Is cliant tábhachtach fós atá i gCeolchoireann Ceolchoirme RTÉ agus bhí rath ealaíonta agus tráchtála air faoin bPríomh-Stiúrthóir *John Wilson*. Chuir sé 41 ceolchoirm i láthair, i réimse ó *Essential Classics* agus a 'Signature Series' go hoicéanta scannán Hollywood, operette, ceoldrámaí agus ceol pobail. Bhí *Lesley Garrett, Hayley Westenra*, lá breithe 70 bliain *Karl Jenkins* agus *Milos* i measc na mbuaicphointí.

Tá comhoibriú ar siúl faoi láthair idir RTÉ agus an Ceoláras a bhaineann le *New Music Dublin* (compháirtíocht leis an gComhairle Ealaón agus le Grúpaí Seinnte RTÉ) agus comh-pháirtíocht le *Charles Hazelwood* chun Na Sár-Shiansaí a chur i láthair.

Maidir le tionscnóirí seachtracha eile, rinne an Ceoláras cúram dá bhonn láidir i 2014 agus tá sé ag forbairt caidrimh nua le tionscnóirí móra tráchtála, ag cur ceolchoirmearcha i láthair a bhfuil caighdeán níos airde agus tionchar margaochta feabhsaithe ag baint leo.

Chuir raon leathan de thionscnóirí seachtracha ealaíontóirí móra le rá Éireannacha agus idirnáisiúnta i láthair, ina measc *Jimmy McCarthy, Jack L; The Blind Boys of Alabama, Nana Mouskouri, Hugh Masakela, Harlem Gospel Choir, Nigel Kennedy*.

Bhain grúpaí, cóir, ceolchoirne agus cumainn cheol-drámaíochta, idir ghairmiúla agus amaitéireacha, úsáid as an gCeoláras, ina measc: *Ceolchoireann Náisiúnta Óige na hÉireann; Ceolchoirne Óige Bhaile Átha Cliath; Ceolchoirne Fhéile na nÓg; Ceolchoireann Shiansach UCD; An Cheolchoireann Ibeirneach; Ceolchumann Ghlas Naoin; Ceolchumann Ráth Garbh agus Ráth Maonais; Cór Chontae Bhaile Átha Cliath; Cumann Córúil Mhuire Mháthair; Cumann Córúil Culwick; Scoláirí Lassus; Cór Palestrina.*

I measc na bhforas oideachais a chuir imeachtaí i láthair sa Cheoláras bhí *Ceol-Acadamh Ríoga na hEireann, Ardscoil Cheoil ITBÁC, Scoil Cheoil Ard Aidhin agus Feis Ceoil BSL.*

Bhí **Ceiliúradh ar Shéamus Heaney** (arna chur i láthair ag Eigse Éireann); *David Sedaris*, ealaíontóir grinn, *Ray Davis* (arna chur i láthair ag Féile Scribhneoirí Bhaile Átha Cliath) i measc na n-imeachtaí suntasacha neamhcheoil.

Chomh maith le Ceolchoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, bíonn an Ceoláras ina óstach **d'ealaíontóirí cónaitheacha** trasna raon déanta ceoil in Éirinn: *Ceolchoireann Bharócach na hEireann, Cór Aireagail na hÉireann agus Spás Scribhneoreachta d'Ealaíontóirí* le haghaidh amhránaithe/ scribhneoirí amhrán, a bhfuil baint ag *Paul Noonan ó BellX1, James Vincent McMorrow, Neil Hannon ó Divine Comedy, Cathy Davy agus Glenn Keating* leis faoi láthair.

2. Oideachas, Pobal Agus For-Rochtana (OPF)

Chuir an rannóg OPF cláir agus imeachtaí éagsúla i láthair i gcomhair na spriocghrápái tábhachtacha go léir. Tháinig méadú ar an gníomhaíocht sin sa dara cuid den bliain agus Ceannasaí Oideachais, Pobail agus For-Rochtana á cheapadh agus conradh leanúnach le haghaidh post an Fheidhmeannaigh Oideachais á dheimhniú. Chomh maith le hinfeistíocht mhéadaithe sa réimse sin don bliain 2015, is tuar maith atá ansin le haghaidh forbairt an réimse thábhachtaigh sin i gníomhaíocht an Cheolárais Náisiúnta.

D'fhreastail tuairim is 4,500 ar imeachtaí ar an láthair i rith na bliana, agus d'fhreastail líon mór daoine de gach aois ar raon gníomhaíochtaí lasmuigh den láthair.

I measc bhuaicphointí chlár na bliana 2014 bhí;

- Caint dar teideal **SongSchool** le *Paul Noonan* agus *Neil Hannon*: thug scribhneoirí amhrán cónaitheacha an CN léargas an-suimiúil ar an bpróiseas cruthaitheachta.
- Leathnú ar an **gClár Ceoil in Ospidéil Leanáí** le Clasaicí Páistí: Chuidigh maioniú breise fondúireachta, corporáideach agus daonchairdiúil le gníomhaíocht bhreise in Ospidéal Chromghlinne agus le leathnú an chláir chuig Ospidéal Beaumont agus chuig Ospís LauraLynn. Fuarthas maioniú freisin chun measúnú proifisiúnta a dhéanamh ar an gclár i 2014/2015.
- Eisiúint CD an **Blow the Dust Orchestra**: Tá fianaise anois ann dár seanóirí dá n-obair chrua go léir!
- **Lá Oscailte Cheolchoireann Gamalan, Searmanas**

Ainmniúcháin agus Ceolchoirm Mhór: agus Sabhdán Yogyakarta agus Ambasadóir na hIndinéise ar an stiúir, rinne an t-imeacht seo comóradh ar bhronnadh foireann uirlisi gamalan as láva ar an gCeoláras agus ar sheoladh cheolchoireann gamalan an Cheolárais.

- **Ceardlann ar Cheolchoireann an 18ú haois:** Ní hamhain gur chleachtadh dodhearmadta a bhí san imeacht seo do na rannpháirtithe, ach ba mhúnla a bhí ann d'imeachtaí cosúla amach anseo.
- **Tionscadal Cheol na hÉireann:** Léirigh an tsraith phíolótach seo de cheardlanna scoile céim thábhachtach i bhforbairt ghníomhaíochta oideachais an CN i réimse cheol traidisiúnta na hÉireann.

Cuimsíodh ranganna *Mini-Music* an tSathairn do pháistí óga, an '*Blow the Dust Orchestra*' do sheanóirí agus ár gCeolchoireann Gamalan nua sna cláir leanúnacha OPF.

I measc na n-imeachtaí eile OPF ar an suíomh bhí comhoibriú le Ceolchoireann Shiansach RTÉ le haghaidh Treoir Ardteistiméreachta don *Fantastique de chuid Berlioz*; Ceardlanna **Amhrán Scoile** agus Campáí Samhraidi; Máistir-Rang Pianó ó *John Lill* agus ceardlann chóir *Tallis Scholars*; **Ceardlanna Maestro Óig; Ceolchoirmeacha Teaghlaigh Cheathairéad WhistleBlast**; Ceardlanna Teaghlaigh *Oíche Chultúir* Gamalan, **Afrikaal** - léiriú coimisiúnaithe go speisialta do pháistí le huathachas agus **Sparánacht Bernadette Greevy** do hamhránaithe óga.

Lasmuigh den suíomh bhí cuairteanna rialta ag ceoltóirí ar an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, clár do **Pháistí le Deacrachtáí lompair** i Scoil Naomh Deaglán; **Music in Mind**: dhá cheardlann phíolótacha ag déileáil le meabhairshláinte, chomh maith leis an gclár leathnaithe Ceol in Ospidéil Leanaí, mar chuid dár n-obair in earnáil na sláinte.

Ba dhá imeacht speisialta a bhí i bhfoilsíú na tuarascála faoin tionscadal *Primary Strings* de chuid an CN agus sa chomhoibriú mar pháirtithe comhdhála le *Music Generation* le haghaidh a Seimineáir Bhliantúil i nDeireadh Fómhair.



Lisa Hannigan




Rodrigo y Gabriella



The Gloaming



Lesley Garrett



Frozen

3. Margaíocht, Díolacháin & Cumarsáid

Staitisticí Tábhachtacha

| | |
|---|------------|
| Tinreamh iomlán na bliana is airde ó 2009 | 329,659 |
| Iomlán na n-imeachtaí sa CN | 898 |
| Iomlán na n-imeachtaí sa Phríomh-Halla Éisteachta | 342 |
| Iomlán na n-imeachtaí féinfhógartha | 430 |
| Iomlán na n-imeachtaí féinfhógartha sa Phríomh-Halla Éisteachta | 72 |
| Díolachán iomlán ticéad: suas 2.85% ar 2013 go dtí an figiúr is airde ó 2010: | €7,054,887 |
| Céatadán de na ticíd diolta ar líne suas 6.6% ar 2013 | 46% |

Bhí beagán faoi 60,000 duine a chuir ticéad in áirithe le haghaidh imeachtaí sa Cheoláras sa bliain 2014 agus bhí lín ar díobh sin a bhí i láthair den chéad uair (48.5% de na custaiméirí). Bhí ardú beag ar an meánchaiteachas in aghaidh an chustaiméara agus sáraíodh € 7m i ndíolacháin na díoloifige, rud a léirigh an méadú i lín na gcuairteoirí; dhá chomhartha a bhí ansin ar bhorradh sa gheilleagar agus ar neart an chláir agus ar an tréaniarracht margaíochta chomh maith. Agus é sin ráite, is dúshláin agus téamaí suntasacha atá sa luach ar airgead agus in aird chustaiméirí ar phraghasanna.

Léiríonn lán an tí i gcomhair raon ceolchoirmeacha ó *Lang Lang* agus *Joshua Bell* go *Sinéad O'Connor, Buena Vista Social Club* agus *The Gloaming* chomh maith is atá an Ceoláras ábalta leagan amach na gclár a éagsúlu agus leanúint le luchtanna éisteachta éagsúla a mhealladh le seánraí difriúla ceoil. Chomh maith leis sin, tharraing cuid de chlárseideal nua an Cheolárais (clárseideal teaghlaigh, go háirithe) riar maith daoine a d'fhreastail den chéad uair (60%), léiriú go bhfuil spriocanna forbartha an luchta éisteachta á mbaint amach ag an gclár fairsingithe.

Chonacthas méadú i ndíolacháin ar an idirlíon go dtí 46% agus is é an bealach is tábhachtai atá againn anois. Bhí díolacháin os ciann 80% ar líne ag roinnt imeachtaí. Tá rithábhacht fós ag baint leis an lárionad glaonna maidir le seanóiri lárnacha agus le haghaidh díolachán séasúrach. Tá athrú tagtha ar ról an lárionaid għlaonna le blianta beaga anuas, agus é ina lárionad seirbhise do chustaiméirí agus é ag déileáil le ceisteanna go leor seachas le díolacháin.

Bhí toradh eisceachtúil ar an iarracht margaíochta agus caidrimh phoiblí maidir le clúdach na meán, le méadú 19% ó bliain go bliain ar Chóibhéis Luach Fógraíochta na meán go léir. Tá luach i bhfad níos mó air sin seachas luach diolta na dticéad amháin, mar go gcuireann sé le feasacht għinearálta an phobail ar an ionad.

I measc raon feabhsúchán inár seirbhís do chustaiméirí agus do thionscnóiri i 2014 bhí athdhearradh ar nch.ie chun go mbeadh sé sofrehagħach d'fħón pōca agus clár nua seirbhísí margaíochta do thionscnóiri, a raibh fás suntasach ina għaiteachas margaíochta i 2014 agus méadú għinearálta sa lucht éisteachta mar thoradh air.

Tugadh coimisiún do *Behaviour & Attitudes* chun tabhارت faoi thaighde mionsonraithe cǎilċiochtúil agus cainnīochtúil ar fheasacht, ar thuairimí agus ar dhearċthaí custaiméirí (agus daoine nach iad) i leith an Cheolárais Náisiúnta. Tabharfaidh sin cúnahm lenár straitéis clārsceidealaithe, seirbhísí custaiméirí agus margaíochta a fhorbairt i 2015. Seoladh clár seirbhísí custaiméirí nua ar feadh na cudeachta agus bhí comħairliúchán fócasgħrupa le raon dár lucht éisteachta i għeist leis chomh maith.

Meán Shóisialta & Ar Líne

| | |
|--|---------|
| Díolachán iomlán ticéad ar líne suas 6.6%: | 46% |
| Iomlán na gcuairteoirí chuig nch.ie suas 21.7% | 937,829 |
| Iomlán úsáideoirí uathūla suas 24.8% | 538,726 |
| Lucht leanta ar Facebook dúbailte go | 27,512 |
| Lucht leanta ar Twitter fásta go | 11,578 |

4. Forbairt

Ba bliain idirlinne maidir le tiomsú airgid a bhí i 2014. Líonadh post nua bainistiochta sinsir mar Cheannasaí Forbartha i mí lúil.

Cé go raibh timpeallacht eacnamaíochta dheacair agus an-iomaíoch ann fós, go háirithe maidir le hurraíocht, bhain an rannóg nua amach a príomhsprior, is é sin dul i ngleic leis an titim san ioncam tabhartais ó thus an choir chun donais san eacnamaíochta i 2008 agus straitéis mheántearma a chur faoi réir chun atógáil a dhéanamh ar an réimse ioncaim tábhachtach sin.

Tar éis blianta leantacha de thitim san airgead a tiomsaíodh bhí fás beag dearfach i luach foriomlán an ioncaim i 2014.

Chomh maith leis sin, is tuar maith don bliain 2015 agus don todhcháí atá sa timpeallacht eacnamaíochta feabhsaithe agus samhlaítear fás i lón na gCairde, na bPátrún agus na gComhlach Corparáideach sna blianta amach romhainn sa phleán forbartha bliantúil, chomh maith le fás ioncaim as gach foinse.

Tá Cairde an Cheolárais Náisiúnta ag leanúint le bheith ina dtacadóirí tábachtacha lenár gcuid oibre. Glacadh go maith lena gceol, lena n-imeachtaí, lena gcainteanna agus lena dturas agus bhí níos mó ná 50 imeacht dá leithéidi ar siúl le linn 2014. Tá fiorbhraistint pobail i measc chuid mhór de na Cairde, agus tá siad ag leanúint dá dtacaíocht don Cheoláras trína bpáirtíocht i gclár leathan na gCairde agus mar ghrúpa suntasach ceannaitheoirí ticéad. Tá na Cairde gníomhach chomh maith i gcur chun cinn moltaí agus smaointe le feabhas a chur ar an gCeoláras.

Tá clár na gComhlach Corparáideach á athmheasúnú faoi láthair chun riachtanais agus ionchais ár mball reatha a shásamh agus chun an bonn tacadóirí féideartha a leathnú. D'fhás an t-ioncam le haghaidh an Chláir Oideachais, Phobail agus Fhor-Rochtana ó bliain go bliain, le taca leanúnach ó phriomhdheontóirí, le gealltanais ilbhlianta ó dheontóirí nua agus le tarbhe á bhaint as achainíocha spriocdhírithe ar líne. I dteannta an chláir OPF atá ag méadú, tá deiseanna ann do thacaíocht bhreise mar chuid den bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach.


5. Rannóg Airgeadais, Cuntas Agus TF

Thug an Rannóg Airgeadais faoi roinnt tionscadal i 2014, go háirithe córas iocaíochta r-phoist i gcomhair soláthraithe, a thugann taca do na córais ríomhaistrithe airgid, a chur i bhfeidhm; uasdátú a chur i bhfeidhm trasna na gcóras chun an córas LAIE (SEPA) a chomhlionadh agus próisis tairisceana poiblí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí próiseála céartaí creidmheasa agus dochair a sholáthar, Seirbhísí Dlí agus Iniúchadh Inmheánach a chur i bhfeidhm, an chéad tairiscint dá leithéidi de sheirbhísí á fáil ag comhlacht poiblí chun iniúchóirí inmheánacha a sholáthar faoi Thionscnamh Creatlaí nua an Rialtais.

I réimse Teicneolaíocht na Faisnéise, chuir an Ceoláras roinnt uasghrádúithe móra i bhfeidhm, go háirithe mar a bhaineann sé le córas ticéadaithe an cheolárais, AudienceView agus le hathdhearadh an tsuímh ghréasáin www.nch.ie, ag dul i ngleic le ceisteanna freagrúlachta agus comhoiriúnachta feistí taistil. Suiteáladh ceithre fhreastalai gréasán ar líne, ag obair in éineacht le feidhmiúlacht an tseomra feithimh fhíorúil AudienceView chun ceisteanna áirithe a tháinig chun cinn i rith na bliana, nuair a bhí trácht trom eisceachtúil ag an gCeoláras, a réiteach agus suiteáladh teicneolaíocht bhreise lenár soláthraithe láimhseála céartaí chun idirbheartha níos éasca agus níos tapa a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

Ioncam an Cheolárais Náisiúnta

| | |
|------------------------------------|------------|
| Ioncam tuillte | €4,217,599 |
| Deontas i gcabhair | €2,140,000 |
| Ioncam tabhartais/ó thiomsú airgid | €477,277 |



6. Pearsanra Agus Oibríochtaí

Deimhníodh feabhas ar chumas straitéiseach agus ar fhairsinge inniúlachtaí fhoireann shinsearach an CN nuair a earcaíodh **Ceannasaí Forbartha** chun ár ngníomhaiochtaí tiomsú airgid, urraiochta agus daonchaírdiúla a threorú agus **Ceannasaí Oideachais, Pobail & For-Rochtana** chun na réimsí sin dár ndualgas a forbairt agus a leathnú.

Ionas gur féidir a inniúlacht agus a acmhainní daonna a neartú níos mó, tá an Ceoláras tar éis tabhairt faoi chlár saincheaptha maidir le **forbairt foirne**, le ceannaireacht agus le hobair bhuíne. Cuirfear é sin i bhfeidhm i dtaca leis an bhfoireann iomlán agus leis an mbainistiocht i 2015.

Maidir leis an infreastreachtúr fisiceach, críochnaíodh leithreas nua na mban ar an mbunurlár i rith 2014, a raibh cuid mhaith trealaímh bhreise agus obair sholáthraithe uisce san íoslach ag baint leis. Is den suntas é go bhfuarthas gealltanás maoinithe de €6m ón rialtas le linn na bliana le haghaidh Céim 1 de phleán forbartha an Cheolárais. Cuirfear túis sin i lár na bliana 2015, le hathchóiriú ar na Seomraí Comhairle bunaidh ar an gcéad urlár agus le hobair chumasúcháin eile. Cuirfidh sé sin spás breise le haghaidh na gclár ar fáil nuair a chríochnófar seomra ceadail 130 suíochán go luath i 2016.



Searmanas Ainmniúcháin Gamalan

Rinneadh uasghrádú ar an gcóras slándála leictreonach, taobh istigh agus taobh amuigh, agus ar an ngréasán cáblaí chuig na spáis lónadóireachta agus na beáir, rud a chuir le feidhmiúlacht agus le héifeacht na scipéad agus na gcártaí creidmheasa, le rialú an stoic agus leis an tslándáil.

De bharr shábhálteacht ár bpátrún a bheith den ríthábhacht, rinneadh uasghrádú a chur i bhfeidhm, freisin, ar an soilsíú éigeandála inmheánach, ar fhógraí na mbealaí éalaithe dóiteáin agus ar Dhoiciméad Beartais um Shábhálteacht Dóiteáin (a bhfuil an Doiciméad um Shábhálteacht Dóiteáin agus Aslonnú Éigeandála cuimsithe ann).


Sa Phríomh-Halla Éisteacha, cuireadh oibreacha móra cothabhála i gcrích ar an Orgán; suiteáladh soilsíú stáitse speisialta breise agus cuireadh obair mhór deisithe suíochán i bhfeidhm.



Clár Ceoil in Ospidéil Leanaí - Kids' Classics

Cairt

Eagrúcháin



Tuarascáil na nIniúchóirí

Chuig Comhalaí An Cheolárais Náisiúnta

Tá ráitis airgeadais an Cheolárais Náisiúnta le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014 iniúchta agaínn ar leathanaigh 14 go 19. Is iad díl na hÉireann agus caighdeán chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe. Airgeadais agus fógraithé ag Institiúid na gCuntasóiri Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasáiochta Inglactha go Ginearálta in Éirinn) a bhí mar an gcreat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

Rinneadh an tuarascáil seo do chomhalaí na cuideachta amháin, mar chomhlachas, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Tugadh faoinár n-obair iniúchta chun go bhféadfaimis na hábhair sin a bhfuil dualgas orainn iad a lua leo i dtuarascáil iniúchóra a chur os a gcomhair agus ní ar chuíos a bith eile. Chomh fada agus is féidir de réir an díl, ní ghlaicaimid ná ní ghabhaimid freagracht i leith duine ar bith eile seachas an chuideachta agus comhalaí na cuideachta mar chomhlachas, maidir lenár n-obair iniúchta, leis an tuarascáil seo agus leis na tuairimí atá glactha againn.

Freagachtaí stiúrthóirí agus iniúchóirí faoi seach.

Mar a mhínteáir níos soiléire i Ráiteas Freagachtaí Stiúrthóirí, tá freagachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fior agus cothrom. Is é ár bhfreagachtaí na ráitis a iniúchadh agus tuairim a thabhairt orthu de réir dhíl na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Náisiúnta Iniúchta (RA agus Éire). Tá ceangal orainn de réir na gcaighdeán sin cloí le Caighdeán Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóp iniúchta na ráiteas airgeadais.

Tá bailíu fianaise faoi na méideanna agus na rudaí a nochtadh sna ráitis airgeadais i gceist le hiniúchadh, sa chaoi go mbeidh dóthain ann le deimhniú go réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhishonrú ábhartha, más trí dheardmad ní triú chalaois a rinneadh sin. San áireamh ansin tá measúnú orthu seo: na beartais chuntasaíochta a bheith cuí maidir le cúinsí na cuideachta agus iad curtha i bhfeidhm go seasmhach agus nochta go sásúil; réasúntacht na meastachán cuntasáiochta suntasach a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Chomh maith leis sin, léamar an fhaisnéis iomlán airgeadais agus neamhairgeadais i dTuarascáil na Stiúrthóirí, i Ráiteas an Chathaoirligh agus i dTuarascáil an Phriomhoifigigh Fheidhmiúcháin chun neamhréireachtaí

ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon fhaisnéis, a bhfuil an chuma air go bhfuil sé mícheart go bunúsach, bunaithe ar nó ar neamhréir leis an eolas atá faichte againne le linn an iniúchta, a aithint. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhishonrú ábhartha follasach ní aon neamhréir is gá dúinn smaoineamh ar na himpleachtaí dár dtuarascáil.

Dearcadh ar na ráitis airgeadais

Inár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fior agus cothrom, de réir an Cleachtais Chuntasaíochta Inglactha go Ginearálta in Éirinn, ar staid chúrsáí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2014 agus ar a easnamh don bhliain dar crioch ansin; agus
- tá na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013

Cúrsaí a bhfuil ceangal orainn tuairisc a thabhairt orthu de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013

Tá an fhaisnéis agus na mínithe go léir, a gceapaimid iad a bheith riachtanach chun críche an iniúchta, faichte againn. Is é ár dtuairimne, go bhfuil leabhair chuntas chearta coimeádta ag an gcuideachta.

Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas. Inár dtuairimne, tá an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí, i Ráiteas an Chathaoirligh agus i dTuarascáil an Phriomhoifigigh Fheidhmiúcháin ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Cúrsaí a bhfuil ceangal orainn tuairisc a thabhairt orthu mar eisceachtaí

Níl dada le tuairisciú againn maidir le forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2014, a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú libhse, más rud é, dar linn, nach ndéantar nochtadh ar luach saothair na stiúrthóirí agus ar idirbhearta sonraithe ag an díl.

Ciarán Murray ar son agus thar ceann

Hayden Brown

Iniúchóirí Cairte
& Iniúchóirí Cláraithe
Árais Grafton,
34 Sráid Grafton
Baile Átha Cliath 2
26ú Márta 2015

Cuntas Brabús Agus Caillteanais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 € | 2013 € |
|--|------|----------------|-----------------|
| Ollioncam | | 4,694,876 | 4,563,551 |
| Costais Phromóisin | | (2,982,719) | (2,949,110) |
| Costais Bhunaíochta | | (779,612) | (754,855) |
| Costais Riaracháin | | (398,611) | (491,710) |
| Costais Foirne | 2 | (2,679,922) | (2,707,320) |
| Dímheas | 5 | (24,289) | (24,289) |
| | | | |
| Aistriú ón gCúlchiste Orgán | 8 | (2,170,277) | (2,363,733) |
| Deontas i gCabhair | | 20,344 | 20,344 |
| Costais Athfhorbartha | | 2,140,000 | 2,330,000 |
| (Caillteanas) / Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Dochta | | 0 | 0 |
| | | 5,500 | 0 |
| | | | |
| (Caillteanas) / Brabús ar Gnáthghníomhaiochtaí | | | |
| Roimh Cháin | 3 | (4,433) | (13,389) |
| Cánachas | 4 | 0 | 0 |
| | | | |
| (Caillteanas) / Brabús ar Gnáthghníomhaiochtaí | | | |
| Tar Éis Cháin | | (4,433) | (13,389) |
| Aistriú chuig cúlchiste caipitil athfhorbartha | 8 | 0 | 0 |
| (Caillteanas) / Brabús Tar Éis Aistrithe | | (4,433) | (13,389) |

Is cuid lánpháirteach den chuntas brabús agus caillteanais seo iad na nótaí atá ag gabháil leis.

Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais amhail ar an 26ú Márta 2015 arna shíniú thar a gceann ag:-

Gerry Kearney
Stiúrthóir

Ray Bates
Stiúrthóir

Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Iomlán don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2014

| | 2014 € | 2013 € |
|--|-----------|-----------|
| (Caillteanas) / Brabús Don Bhliain Airgeadais | (4,433) | (13,389) |
| Scéim Leanaí Agus Céili Foirne | 10,640 | 11,773 |
| Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Don Bhliain | 6,207 | (1,616) |
| | | |
| Nóta de na Brabús ar Chostas Stairiúil | | |
| (Caillteanas) / Brabús Tuariscithe ar Gnáthghníomhaiochtaí roimh Cháin | (4,433) | (13,389) |
| Réadú Gnóthachan Athluachála Maoine na mblianta roimhe sin | - | - |
| | (4,433) | (13,389) |
| (Caillteanas)/Brabús ar Ghnáthghníomhaiochtaí Roimh Cháin ar Chostas Stairiúil | (4,433) | (13,389) |
| (Caillteanas)/Brabús don Bhliain Aischurtha tar éis Cháin ar Chostas Stairiúil | (4,433) | (13,389) |

Clár Comhordaithe Amhail Ar An 31 Nollaig 2014

| | NÓTA | 2014 € | 2013 € |
|--|------|------------------|------------------|
| Sócmhainní In Úsáid | | | |
| Sócmhainní Dochta | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 5 | 123,878 | 148,167 |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Féichiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain) | 6 | 242,283 | 183,006 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar Láimh | | 4,639,543 | 4,639,998 |
| | | 4,881,826 | 4,823,004 |
| Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain) | 7 | (2,413,255) | (2,247,408) |
| Glansócmhainní Reatha | | 2,468,571 | 2,575,596 |
| Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha | | 2,592,449 | 2,723,763 |
| Arna Mhaoliniú Ag :- | | | |
| Caipiteal Agus Cúlchistí | | | |
| Cuntas Brabús agus Caillteanas | 9 | 1,898,520 | 1,902,953 |
| Cúlchisti Eile | 8 | 693,929 | 820,810 |
| | | 2,592,449 | 2,723,763 |

Is cuid lánpháirteach den chlár comhordaithe iad na nótai agus na beartais chuntaisaochta atá ag gabháil leis.

Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais amhail an 26ú Mártá 2015 arna shiniú thar a gceann ag:-

Gerry Kearney
Stiúrthóir

Ray Bates
Stiúrthóir

Ráiteas Sreabhadh Airgid Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2014

| | 2014 € | 2013 € |
|--|-----------------|----------------|
| Glan Insreabhadh Airgid Ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin:- | | |
| Brabús/(Caillteanas) Gníomhaíochta roimh Ús | (58,733) | (96,112) |
| (Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Dochta | (5,500) | 0 |
| Costais Dímheasa | 24,289 | 24,289 |
| Aistriú ón gCúlchiste Orgán | (20,344) | (20,344) |
| (Méadú) / Laghdú ar Fheichiúnaithe | (59,277) | 73,649 |
| (Laghdú) / Méadú ar Chreidiúnaithe | 88,491 | 146,784 |
| | (31,074) | 128,266 |
| Aisíoc Ar Infheistíocht Agus Fónamh A Dhéanamh Ar Airgeadas | | |
| Ús Faichte | 54,300 | 82,723 |
| | 23,226 | 210,989 |
| Gníomhaíochtaí Infheistíochta :- | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta Inláimhsithe a cheannach | 0 | 0 |
| Réadaithe as Diol Sócmhainní Inláimhsithe | 5,500 | 0 |
| | 5,500 | 0 |
| Airgeadú :- | | |
| Méadú i gCúlchisti Eile | (106,537) | 1,773 |
| Méadú In Airgead Tirim Agus Coibhéisigh Airgid Thirim | (77,811) | 212,762 |

Nótaí Leis Na Cuntais Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2014

1. Beartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na mórbheartais chuntasaíochta a ghlac an chuideachta agus a feidhmíodh go comhleanúnach le linn na bliana agus na bliana roimhe sin:-

{a} Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaiodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stáiriúil.

Ullmhaiodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn. Is é atá sna caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn i dtaca le hullmhú ráiteas airgeadais ina dtugtar léargas fior cothrom ná iad siúd atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasoirí Caire in Éirinn agus atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

{b} Sócmhainní inláimhsithe agus dímheas

Tá sócmhainní inláimhsithe ráite ag costas lúide dímheas carnaithe.

Riomhtar muirear dímheasa sna Cuntais chun leabharluach gach Sócmhainn Dhocht a dhíscríobh le linn a saolré ionchasaigh ar bhonn líne dirí ag na rátaí seo a leanas:-

| | |
|--------------------------------------|-----------------|
| Athruithe ar Áitreabh ar Léas: | 10 go 50 bliain |
| Steinway Pianoforte: | 5 Blíana |
| Córas Sonrai Riomhaire: | 5 Blíana |
| Trealamh Oifige agus Lónadóireachta: | 5 Blíana |
| Piborgán: | 25 Blíana |
| Córas Aimplitheoirí agus Callairí: | 5 Blíana |

{c} Cánachas Curtha Siar

Soláthraítear cánachas curtha siar faoin modh dliteanas ar gach difriocht uainiúcháin ábhartha a mhéid a mheastar a bheidh sé iníoctha amach anseo ón méid is léir.

{d} Deontas i gCabhair - Reatha

Is é an deontas i gcabhair reatha an fóirdheontas is infhaichte ón Rialtas don Bhliain Féilire.

{e} Deontais Chaipítel

Déantar deontais bunaithe ar chaipiteal a chreidiúnú in aghaidh chostas sócmhainní dochta. Luach na ndeontas chaipítel a fuarthas ón Rialtas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 sin €160,000 san iomlán.

2. Fostaithe Agus Luach Saothair

| | 2014 | 2013 |
|---|-----------|---------------------|
| Ba é an meánlion daoine a bhí fostaithe ag an gcuideachta sa bhliain airgeadais ná 102 (2013:103) agus tá siad anailísithe sna catagóirí seo a leanas:- | | Lion na bhFostaithe |
| Tacaíocht Ceolchoirmeacha | 77 | 78 |
| Riarachán | 25 | 25 |
| | <hr/> 102 | <hr/> 103 |
| | 2014 | 2013 |
| | € | € |

Tá na costais fhoirne comhdhéanta de:

| | | |
|----------------------------|-----------------|-----------------|
| Pá agus Tuarastail | 2,374,083 | 2,406,516 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 235,153 | 220,744 |
| Costais Phinsin | 70,686 | 80,060 |
| | <hr/> 2,679,922 | <hr/> 2,707,320 |

3. Brabús Ar Ghnáthghníomhaíochtaí Roimh Cháin

| | 2014 | 2013 |
|--|-------------------|-------------------|
| | € | € |
| Sonraitear an brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chain tar éis muirearú/(creidiúnú):- | | |
| Luach Saothair an Chathaoirligh | 2,993 | 8,978 |
| Luach Saothair na nlíniúchóirí | 25,022 | 24,840 |
| Luach Saothair Iníúchóra Seirbhísí Neamhiniúchta | 4,858 | 4,858 |
| Dímheas | 24,289 | 24,289 |
| Deontas i gCabhair | <hr/> (2,140,000) | <hr/> (2,330,000) |

4. Cánachas

Mar gheall ar chailteannais ar aghaidh agus Alt 32 den Acht Airgeadais 1984 ní thagann aon mhuirear cánachais chun cinn. Fuair an Ceoláras Náisiúnta diolúine chánach charthanúil (uimhir CHY 6469) an 16 Lúnasa 2012 agus faoi alt 207 (mar a fheidhmítar ar chuideachtaí le halt 76) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nilfear faoi dhliteanas cáin chorparáide a ioc ón dáta sin.

| 5. Sócmhainní Dochta Inláimhsithe | Iarmhéid Tosaigh | Breise | Diúscairtí | Iarmhéid Deiridh |
|--|-------------------------|---------------|-------------------|-------------------------|
| Costas | € | € | € | € |
| Aimplitheoirí agus Córas Callairí | 3,950 | 0 | 0 | 3,950 |
| Athruithe ar Áitreabh Léasach | 214,087 | 0 | 0 | 214,087 |
| Piborgán | 508,606 | 0 | 0 | 508,606 |
| Córas Sonrai Ríomhaireachta | 60,107 | 0 | 0 | 60,107 |
| Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile | 260,597 | 0 | 0 | 260,597 |
| Pianoforte Steinway | 52,880 | 0 | 0 | 52,880 |
| Córas Teileafóin | 6,570 | 0 | 0 | 6,570 |
| | 1,106,797 | 0 | 0 | 1,106,797 |

| Dímheas | Iarmhéid Tosaigh | Muirear Don Bhliain | Diúscairtí | Iarmhéid Deiridh |
|--|-------------------------|----------------------------|-------------------|-------------------------|
| | € | € | € | € |
| Aimplitheoirí agus Córas Callairí | 3,938 | 0 | 0 | 3,938 |
| Athruithe ar Áitreabh Léasach | 113,748 | 3,945 | 0 | 117,693 |
| Piborgán | 461,132 | 20,344 | 0 | 481,476 |
| Córas Sonrai Ríomhaireachta | 60,040 | 0 | 0 | 60,040 |
| Trealamh Lónadóireachta Oifige agus Eile | 260,343 | 0 | 0 | 260,343 |
| Pianoforte Steinway | 52,875 | 0 | 0 | 52,875 |
| Córas Teileafóin | 6,554 | 0 | 0 | 6,554 |
| | 958,630 | 24,289 | 0 | 982,919 |
| | 31.12.13 | | | 31.12.14 |
| | € | | | € |
| Gianluach Leabhair | 148,167 | | | 123,878 |

| 6. Féichiúnaithe | 2014 | 2013 |
|-------------------------|----------------|----------------|
| | € | € |
| Féichiúnaithe Trádála | 83,136 | 102,351 |
| Costais Réamhiochta | 159,147 | 80,655 |
| CBL | 0 | 0 |
| | 242,283 | 183,006 |

| 7. Creidiúnaithe | 2014 | 2013 |
|---|------------------|------------------|
| | € | € |
| Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 262,678 | 346,608 |
| ÍMAT/ÁSPC | 83,657 | 74,390 |
| CBL | 47,348 | 47,348 |
| Ilchreidiúnaithe agus Fabhruithe | 300,196 | 285,416 |
| Rótharraingt bainc | 77,356 | 0 |
| Réamháirthintí agus Éarlaisi | 1,642,020 | 1,493,646 |
| | 2,413,255 | 2,247,408 |

8. Cúlchistí Eile

| | 2013 € | 2012 € |
|--|---------------|---------------|
| Scéim Pinsin Céili | 170,447 | 159,807 |
| Cúlchiste Orgáin | 27,126 | 47,470 |
| Scéim AVC | 160,124 | 159,365 |
| Cúlchiste Oideachais agus For - Rochtana | 61,014 | 61,014 |
| Cúlchiste Caipitil Athfhorbartha | Notá 8a | 275,218 |
| | <hr/> 693,929 | <hr/> 820,810 |

Is léiriú é an Cúlchiste Orgáin ar bhronntanais a fuarthas chun orgán a chur ar fáil don Cheoláras Náisiúnta nó airgead a chur ar fáil chun orgán a cheannach nó chun cúnamh a thabhairt orgán a cheannach, nó aon chúnamh eile a thabhairt arna aontú ag na hlontaobhaithe.

Beidh an Cúlchiste Orgáin á dhíscríobh do Chuntas Brabús agus Cailleanais thar thréimhse cúig bhliana is fiche ag teacht leis an mbeartas dimheasa.

Ar an 8 Márta 2007 thug Anne Sophie Mutter ceolchoirm agus tugadh an fáiltas as don Cheoláras Náisiúnta le húsáid a bhaint as don Chláir Oideachais agus For-Rochtana go heisiach.

Chinn an Ceoláras Náisiúnta cúlchiste caipitil athfhorbartha a bhunú a bhfuil sé mar chuspóir aige maoiniú a dhéanamh ar chostais athfhorbartha an Árais amach anseo.

8a Cúlchiste Caipitil Athfhorbartha

| | 2014 € | 2013 € |
|----------------------|---------------|---------------|
| Iarmhéid Tosaigh | 393,154 | 393,154 |
| Tabhartais Fhaigte | 36,135 | 0 |
| Caiteachas Tabhaithe | (154,071) | 0 |
| Iarmhéid Deiridh | <hr/> 275,218 | <hr/> 393,154 |

9. Réiteach Gluaiseachta Sa Chuntas Brabús Agus Cailleanais

| | 2014 € | 2013 € |
|----------------------|-----------------|-----------------|
| Iarmhéid Tosaigh | 1,902,953 | 1,916,342 |
| Barrachas don bliain | (4,433) | (13,389) |
| Iarmhéid Deiridh | <hr/> 1,898,520 | <hr/> 1,902,953 |

10. Scairchaipiteal

Is cuideachta faoi theorainn ráthaiochta í Cuideachta an Cheolárais Náisiúnta nach bhfuil aon scairchaipiteal aige, leis an bhfocal "Teoranta" ar lár ag Ceadúnas an Aire Tionscail, Tráchtála agus Turasóireachta.

11. Pinsin

Cuireadh Scéim Pinsin Foirne an Cheolárais Náisiúnta i bhfeidhm an 1ú lúil 1987. Titfidh caiteachas ar phinsin agus cnapschuimeanna ar acmhainní an Cheolárais mar a bheidh siad iniochta. Caithfear an caiteachas sin a thógáil san áireamh i ríomh an Deontas i gCábhair. Cuireadh scéim na leanaí agus na gcéili í bhfeidhm an 1ú Meán Fómhair 1987.


12. Caiteachas Caipitil

Ba é an Caiteachas Caipitil a tabhaíodh dó ag 31ú Nollaig 2014 ná €Neamhní.

13. Ceadú Stiúrthóirí

Cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais amhail ar an 26ú Márta 2015 agus arna shíniú thar a gceann ag:-


Gerry Kearney
Stiúrthóir


Ray Bates
Stiúrthóir

14. Bord An Cheolárais Náisiúnta - Freastal Ar Chruinnithe 2014

| | M. Ryan | B. Arnold | R. Bates | L. Cearr | D. Collins | P. Heneghan | R. Holstead | A. Hynes | D. Kelleher | A. Kent | G. Menzies | P. McEvoy | J. McGrane | P. Slavin | K. Tobin |
|----------------------|---------|-----------|----------|----------|------------|-------------|-------------|----------|-------------|---------|------------|-----------|------------|-----------|----------|
| Eanair 30 2014 | Bhí | Bhí | Bhí | Ní raibh | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Ní raibh | Bhí | Bhí | Bhí |
| Aibreán 9 2014 CCB | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Ní raibh | Bhí | Bhí | Bhí |
| Bealtaine 29 2014 | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Ní raibh | Bhí | Bhí | Bhí |
| Iúil 31 2014 | Bhí | Bhí | Ní raibh | Ní raibh | Bhí | Bhí | Ní raibh | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí |
| Meán Fómhair 25 2014 | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Ní raibh | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Ní raibh | Bhí | Ní raibh | Bhí |
| Samhain 27 2014 | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Ní raibh | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí | Bhí |

15. An Ceoláras Náisiúnta - Costais Íoctha Le Stiúrthóiri 2014

| | M. Ryan | B. Arnold | R. Bates | L. Cearr | D. Collins | P. Heneghan | R. Holstead | A. Hynes | D. Kelleher | A. Kent | G. Menzies | P. McEvoy | J. McGrane | M. Ó Súilleabhall | K. Tobin | B. Whelan |
|------------------------|---------|-----------|----------|----------|------------|-------------|-------------|----------|-------------|---------|------------|-----------|------------|-------------------|----------|-----------|
| Costais Íoctha in 2014 | Dada | Dada | Dada | Dada | Dada | Dada | Dada | €680.15 | €1,539.81 | Dada | Dada | Dada | Dada | Dada | Dada | Dada |
| Mileáiste | | | | | | | | €295.27 | €1,539.81 | | | | | | | |
| Traein | | | | | | | | €343.89 | | | | | | | | |
| Eitiltí | | | | | | | | €40.99 | | | | | | | | |
| Costais Íoctha in 2014 | | | | | | | | €461.36 | | | | | | | | |
| Mileáiste | | | | | | | | €231.92 | | | | | | | | |
| Traein | | | | | | | | €153.70 | | | | | | | | |
| Tacsaí | | | | | | | | €49.70 | | | | | | | | |
| Cothabháil | | | | | | | | €18.04 | | | | | | | | |
| Carrchlós | | | | | | | | €8.00 | | | | | | | | |

16. An Ceoláras Náisiúnta - Díolaíocht An Chathaoirligh 2014

M. Ryan €2,993

17. An Ceoláras Náisiúnta - Tuarastal An Phríomhfheidhmeannaigh 2014

S. Taylor €102,521

Deimhníú Stiúrthóra Agus Rúnaí

Deimhnímid:-

Gur cónaí fhírinneach de na cuntais a cuireadh faoi bhráid Chruinniú Ghinearálta Bhliantúil na cuideachta iad na cuntais atá leagtha amach ar leathanaigh 14 go 19.

Arna Síniú: **Gerry Kearney**
Stiúrthóir**John Nolan**
Rúnaí